Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Aibreán 2024
(OR. en)

8828/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0368(COD)**

**CODEC 1073**
**DRS 38**
**EF 155**
**ECOFIN 437**
**SUSTDEV 50**
**COMPET 420**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 50(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023[2].

3. An 10 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[3].

[1] 14574/23.
[2] IO C, C/2024/1584, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1584/oj.
[3] 8724/24.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 28/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.